**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 60 agus 8 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

— Sárú ar Airteagal 42 de Rialacha Nós Imeachta na mBord Achomhairc.

— Sárú ar Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 16 Bealtaine 2022 – Consulta v EUIPO – Karlinger (ACASA)

## (Cás T-267/22)

(2022/C 257/53)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Consulta GmbH (Cham, an Eilvéis) (ionadaithe: M. Kinkeldey agus S. Brandstätter, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Mario Karlinger (Sölden, an Ostair)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “ACASA” – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 7 587 165

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomharc de EUIPO an 24 Eanáir 2022 i gCás R 487/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 59(1)(a) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 72(2) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar na prionsabail arna bhforbairt i gcásdlí Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh maidir le léirimhíniú na bhforálacha sin de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 17 Bealtaine 2022 – Pumpyansky v an Chomhairle

## (Cás T-270/22)

(2022/C 257/54)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Dmitry Alexandrovich Pumpyansky (Ekaterinburg, an Rúis) (ionadaithe: G. Lansky, P. Goeth agus A. Egger, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2022/397 ón gComhairle an 2 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin [1] agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/396 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin [2] ("na Gníomhartha atá faoi chonspóid") a chur ar neamhní de bhun Airteagal 263 CFAE, sa mhéid a bhaineann siad leis an iarratasóir; agus

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc de bhun Airteagal 134 de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena líomhnaítear sárú mídhleathach ar chearta bunúsacha an iarratasóra, lena n-áirítear a cheart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh, a cheart chun a chónaí agus a chumarsáidí chomh maith lena cheart chun maoine.

   — Tríd an t-iarratasóir a chur san áireamh leis na Gníomhartha atá faoi chonspóid, ghníomhaigh an Chomhairle ar chaoi inár sáraíodh prionsabal na comhréireachta faoi Airteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

2. An dara saincheist dlí lena líomhnaítear earráid measúnaithe de chuid na Comhairle agus ainm an iarratasóra á chur san áireamh in iarscríbhinní na nGníomhartha atá faoi chonspóid.

   — Tá cúiseanna na Comhairle le háireamh an iarratasóra lochtach go hábhartha.

   — Teipeann ar an gComhairle na cúiseanna aonair, sainiúla agus nithiúla atá le forchur na mbeartanna sriantacha ar an iarratasóir a shainiú, agus níl na cúiseanna ar a bhfuiltear ag brath sách mionsonraithe, rud atá i gcontrárthacht le hoibleagáidí na Comhairle.

   — Is neamhleor an fhianaise arna soláthar le tacú le háireamh an iarratasóra leis na Gníomhartha atá faoi chonspóid.

---

(1) IO 2022 L 80, lch. 31.
(2) IO 2022 L 80, lch. 1.

---

**Caingean arna tabhairt an 17 Bealtaine 2022 – Melnichenko v an Chomhairle**

**(Cás T-271/22)**

(2022/C 257/55)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Andrey Melnichenko (St. Moritz, an Eilvéis) (ionadaithe: G. Lansky, P. Goeth agus A. Egger, Dlíodóirí)

*Cosantóir:*

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2022/397 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin [1] agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/396 ón gComhairle an 9 Marta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin [2] ("na Gníomhartha atá faoi chonspóid") a chur ar neamhní de bhun Airteagal 263 CFAE, sa mhéid a bhaineann siad leis an iarratasóir; agus